



Ag Labhairt le do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Fás Aníos



Sláinte Ghnéis &
Clár um Thoirchis Ghéarchéime
Sexual Health &
Crisis Pregnancy Programme



D'fhorbair Sláinte Ghnéis & Clár um Thoirchis Ghéarchéime (SGCTG) FnaSS an áis "Ag Labhairt le do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Fás Aníos" de réir an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis 2015-2020.

San áis tá:

- "Ag Labhairt le do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Fás Aníos"- treoir do thuismitheoirí a scriobhadh ag tagairt do Chaighdeán um Oideachais Ghnéis san Eoraip: creatlach do lucht déanta polasaithe, údaráis oideachasúla agus sláinte agus speisialtóiri (An Eagraiocht Dhomhanda Sláinte, 2010)
- 'Bláth Chumhachtach Thomáis': Miniú séimh faoi chonas a dhéantar linbh – scéal i bhfoirm leabhrán a scriobh Kathleen O'Rourke, múinteoir bunscoile agus údar, arb fhéarr aithne uirthi don obair a rinne sí ar Granny O'Grimm gearrscannán a ainmníodh do ghradam OSCAR.

Dearadh agus maisiú le Igloo Animations

Gabhaimid buíochas ó chroí leis na tuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde a chur ar ár chumas an áis seo a fhorbairt agus fócas-thástáil a dhéanamh ar an leabhráin.

Clár

Faoin áis seo	2
Conas an áis seo a úsáid	2
'Ceisteanna coitianta' Thuismitheoirí	4
Nodanna chun cumarsáid a dhéanamh le do pháiste faoi chaidrimh, gnéasacht agus éirigh aníos.	10
'Ceisteanna coitianta' na bPáistí	12
Áiseanna breise	15
Coírp	18

Maidir leis an áis seo

Rinne staidéar Éireannach imscrúdú le déanaí faoi chonas a labhraínn tuismitheoirí le páistí óga faoina gcorp, caidrimh agus gnéasacht. Léirigh an staidéar sin go bhfuil tuismitheoirí den tuairim go bhfuil sé tábhachtach a bpáistí a mhúineadh faoina leithéid ach go mbíonn sé dúshlánach tabhairt faoi. (Conlon, 2018)

Dírionn an áis 'Ag Labhairt le do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Éirigh Aníos' ar chabhrú le tuismitheoirí labhairt lena bpáistí faoi chaidrimh agus gnéasacht ar shlí réchúiseach a fheileann d'aois an pháiste.

San áis tá treoirleabhar do thuismitheoirí agus scéal-leabhrán. Tabharfaidh an treoirleabhar seo tacaíocht duit chun comhrá a choinneáil ag imeacht faoi chaidrimh agus gnéasacht de réir mar a fhásann do pháiste suas. Tá míniú shéimh faoi chonas a dhéantar linbh sa scéal-leabhrán 'Bláth Chumhachtach Thomáis'.

Tá an scéal-leabhrán feiliúnach do pháiste timpeall 5 bliana d'aois. Ag brath ar an bpáiste, d'fhéadfadh sé a bheith feiliúnach do pháistí níos óige nó níos sine. Go hiondúil bíonn páistí a bhfuil deirfiúracha agus deartháireacha nó col-ceathracha acu ag cur ceisteanna ar a dtuismitheoirí faoi thoirchis, linbh agus breith.

Conas úsáid a bhaint as an áis seo

Don chéad chéim, ní mór duit an treoirleabhar agus scéal a léamh duit féin. Is féidir leat cinneadh a dhéanamh ansin, an scéal a léamh le do pháiste nó na smaointe agus an chaint atá ann a úsáid chun tú a chur le comhrá agus ceisteanna do pháiste a fhreagairt.

Freagraíonn an treoirleabhar seo roinnt de na ceisteanna a bheidh ag do pháiste tar éis an scéal a léamh. Má theastaíonn níos mó eolais faoi forbairt gnéasacht sláintiúil uait agus faoi chonas cumarsáid a dhéanamh le do pháiste ag aois ar bith faoi chaidrimh, gnéasacht agus éirigh aníos, féach ar www.sexualwellbeing.ie.

Nóta

Bláth Chumhachtach Thomáis – míniú shéimh faoi chonas a dhéantar linbh. Is clann ar chruth traidisiúnta atá sa scéal agus eolas bunúsach faoi atáirgeadh. Tá sé tábhachtach áfach, go dtuigeann páistí go bhfuil réimse cineál clann ann ina dtógtar páistí (tuismitheoirí den inscne chéanna, teaghlaigh cumaisc agus teaghlaigh sínte, 7rl). De réir mar a fhásann siad, is féidir iad a chur ar an eolas faoi na slite eile a ghaibhtear agus a beirtear linbh.



Ceisteanna Coitianta na dTuismitheoirí

Freagraíonn an rannóg seo roinnt ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoi do ról in oideachais chaidrimh agus ghnéasach do pháiste.

Cén fáth ar chóir dom labhairt le mo pháiste faoi chaidrimh, gnéas agus fás aníos?

Is sa teaghlaigh an chéad áit a fhoghlaímíonn leanaí faoi ghrá agus cúram dóibh féin agus daoine eile. Foghlaimíonn leanaí faoi chaidrimh, gnéas agus fás aníos ó na teachtaireachtaí neamhráite ón am a beirtear iad. Bíonn tionchar aige seo ar na cineál daoine óga agus daoine fásta a dhéanann siad agus na roghanna a dhéanann siad níos déanaí ina saoil.

Ar an gcaoi chéanna a chabhraíonn tú le fás agus forbairt sláintiúil do pháiste ar chuile bhealach, cabhraíonn tacaíocht dá bhforbairt gnéasach leo na meoin, luachanna agus scileanna a theastaíonn uathu chun caidrimh shláintíúila a bheith acu leo féin agus daoine eile.

Tugann taighde le tuiscint dúinn go bhfuil sé tairbheach eolas cuí dá n-aois a thabhairt do pháistí óga faoi chaidrimh agus gnéas mar fhreagra ar cheisteanna. Mar shampla, cruthaíonn sé timpeallacht inár féidir le déagóirí a bheith compordach sa chomhrá seo lena dtuismitheoirí. (Hyde et al, 2010).

Nach bhfoghlaimeoídh mo pháiste an méid seo ar scoil?

Múintear Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ó Linbh Shóiseareacha go hArdteistiméireacht. Is féidir le scoileanna eolas ginearálta a chur ar fáil agus spás sábháilte a chruthú do phlé don rang iomlán; ach, is tusa an t-oide is tábhachtaí dod' pháiste ina leith seo. Tá sé níos fearr má fhaigheann leanaí an chéad mhíniú ar chaidrimh agus gnéasachta sa bhaile. Is tusa amháin atá in ann do luachanna a roinnt le do pháiste agus aire ar leith a theastaíonn ag gach staid dá bhforbairt.

Is féidir seo a dhéanamh trí:

- Labhairt le do pháiste faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos.
- Bí ar an airdeall faoi na topaicí atá á gclúdach le do pháiste ar scoil agus ag cur deiseanna ar fáil chun é a phlé sa bhaile.
- Tú féin a chur ar an eolas faoi pholasáí OCG na scoile agus páirt a ghlacadh má bhíonn an scoil á uasdátú.

Cabhróidh an áis seo, an t-eolas a **www.sexualwellbeing.ie** agus foilseacháin FnaSS do leanaí níos sine agus a dtuismitheoirí (féach ar rannóg Áiseanna breise an leabhráin seo) leat chun cur le múinteoireacht OCG do pháiste ar scoil. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcuraclam, féach ar leathanach OCG an tSeirbhís Forbartha Gairmiúil do Mhúinteoirí: **www.pdst.ie/node/811**.

Cad í an difríocht idir gnéas agus gnéasacht?

Uaireanta baineann daoine úsáid as an téarma 'gnéas' chun cur síos ar 'fireann nó baineann' agus freisin chun cur síos ar theagmháil nó gríomháiocht ghnéasúil. Tá gnéasacht níos leithne ná sin, baineann sé leis an gcaoi a mhothaíonn muid fúinn féin agus conas a chuirimid muid féin in iúl, ar an gcaoi a dhéanann muid caidrimh leis na daoine eile inár saoil agus ar an gcaoi a impraímíd muid féin sa tsochaí.

Baintear úsáid as na téarmaí Oideachais Gnéis agus Oideachais Gnéasacht chun cur síos ar an rud céanna, ach i scoileanna Éireannacha, luitear Oideachais Caidrimh agus Gnéasacht. Cuireann seo béim ar an bhfíric go bhfuil níos mó ag baint leis ná an méid sin, cé go n-áirítear topaicí faoi ghníomháiocht ghnéasúil d'ógánaigh. De réir an Eagraíochta Dhomhanda Sláinte, ba chóir go gclúdódh oideachas gnéasacht gnéithe fisiciúla, mothúchánacha agus forbairt sóisialta an duine.

Go sainiúil, ba chóir go mbeadh topaicí oideachas gnéasacht don luath-óige ag áireamh labhairt faoi forbairt fhisiciúil agus mothúchánach, sláinteachais pearsanta, féiniúlacht inscne agus rólanna agus buneolas atáirgeadh.

Cár chóir dom tosú?

Is iad na príomhriachtanais a bhíonn ag páistí óga maidir le forbairt ghnéasach ná go dtabharfaí grá dóibh agus go gcothófaí iad go fisiciúil agus mothúchánach. Ar an gcaoi seo is féidir cabhrú le páistí grá a bheith acu dóibh féin agus go nglacfadh siad leo féin agus go mbeadh siad in ann caidrimh shláintiúla a bheith acu leo siúd atá that orthu. Is iad na luachanna agus scileanna a fhoghlaimíonn siad sna luathbhlianta seo a chabhróidh leo chun caidrimh thacaíochtúla a dhéanamh le linn a saoil.

Cén uair gur chóir dom tosú?

Tá tú curtha agat leis seo cheana féin – sin an deascéal. Tá teachtaireachtaí ráite agus neamhráite á fháil ag do pháiste faoi ghnéasacht ó bhreith. Anois agus tú níos mó ar an bhfeasacht faoin gcaoi ar mhaith leat go bhforbródh do pháiste, is féidir leat cinneadh comhfhiúchánach a dhéanamh faoi na teachtaireachtaí seo. De réir mar a théann do pháiste in aibíocht, is féidir deiseanna a ghlacadh chun comhrá beag a dhéanamh faoi forbairt fhisiciúil agus mothúchánach agus faoi chaidrimh.

Conas is féidir liom mé féin a ullmhú?

Ní bhíonn muinín ag roinnt tuismitheoirí faoi labhairt lena bpáistí faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos. Más tusa duine de na tuismitheoirí sin, d'fhéadfadh beagán ullmhúcháin d'imní a laghdú.

Smaoinigh ar an oideachas gnéasacht a fuair tú féin nuair a bhí tú óg. Má smaoiníonn tú ar d'aos óg agus an taithí a bhí agat ag foghlaim faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás, sin pointe maith chun tú a chur leis an ullmhúchán don chomhrá le do pháiste.

- Cad agus conas ar fhoghlaim tú faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos?
- Cén ghné den taithí a bhí agat féin gur mhaith leat a chur ar aghaidh chuig do pháiste agus cad iad na nithe gur mhaith leat go mbeadh siad éagsúil?

Bí soiléir faoi do theaghlaigh agus an creideamh pearsanta atá agat féin. Tá a lán creidimh éagsúla laistigh, lasmuigh agus idir theaghlaigh faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos. D'fhéadfáí an méid a theastaíonn uaitse a mhúineadh dod' pháiste a bheith éagsúil ón méid a shileann do chomharsain agus cairde atá cuí. Níl aon cur chuige a fheileann do gach duine.

Tá a chreidimh, smaointe agus mothúcháin féin ag gach indibhidiúil faoi na topaicí seo. Ba chóir na teachtaireachtaí a theastaíonn uaitse a thabhairt dod' pháiste a bheith pléite agus aontaithe leis na daoine fásta ar fad i saol do pháiste.

Faigh tacáiocht duit féin.

- Labhair le cairde agus baill clainne a bhfuil páistí ar chomhaois le do pháiste acu nó níos sine mar d'fhéadfáí go mbeadh nodanna agus smaointe áisiúla acu. Ansin roghnaigh an chomhairle a fheileann duitse agus do pháiste.
- Freastal ar chlár tuismitheoirreachta i do cheantar. Eagraíonn scoileanna, ionad saoráide teaghlaigh agus FnASS na cláir seo go minic.
- Eagraíonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunscoil cúrsaí OCG do thuismitheoirí – **www.npc.ie** nó iarr ar do scoil nó cumann na dtuismitheoirí chun tuilleadh eolais a fháil.

Cad iad na téarmaí ar chóir dom a úsáid do na baill ghiniúna

Bíonn tuismitheoirí níos compórdáí ag úsáid ainmneacha peata do bhaill giniúna agus tuairiscíonn roinnt tuismitheoirí go n-airíonn siad ait faoi focail amhail péineas agus pit a úsáid. Tá sé go maith, áfach, do pháistí na téarmaí cearta do na baill ghiniúna a fhoghlaim ón túis ar an gcaoi chéanna is a fhoghlaimíonn siad ainmneacha na baill coirp eile. Is féidir a mhúineadh dóibh go bhfuil na baill seo príobháideach, ach gur féidir leo labhairt futhu nuair a bhíonn gá leis. Spreagfaidh an cur chuige seo meoin dearfach agus meas sláintiúil do chorp pháiste, chomh maith le cumas cumarsáide éifeachtach a dhéanamh. Tá úsáid na dtéarma ceart do na baill ghiniúna ar an gcuraclam do Linbh Shóisearacha agus Linbh Shinsearacha. (féach ar www.pdst.ie/node/811).

Conas ar chóir dom tadhall sábhálte agus neamh-shábhálte do mo pháiste?

Ó staid luath, is féidir leat a mhúineadh dod' pháiste cén tadhall ar maith leo agus atá compórdach dóibh agus a mhalaire. Ta sé tábhachtach freisin deiseanna a thabhairt do pháistí chun cinní a dhéanamh faoi cé a leagann lámh orthu agus an cineál tadhall is féidir a dhéanamh leo. Nuair a labhraítéar faoi thadhall sábhálte, neamh-shábhálte agus nach maith leo is slí amháin é chun an difríocht a mhíniú do pháiste níos sine.

Ba chóir go n-aireodh duine go bhfuil sé/sí faoi chúram agus tábhachtach. Uaireanta, d'fhéadfaí gur tadhall a ghortaíonn nó atá míchompórdach atá i gceist, ach go dteastaíonn sé chun an duine a choinneáil sábhálte agus sláintiúil (m.sh. ag fáil instealladh). Gortaíonn tadhall neamh-shábhálte corp nó mothúcháin duine (m.sh. ciceáil, bualadh) agus tadhall nach maith le duine – sin tadhall a mb'fhéidir nó nach mb'fhéidir a bheith neamh-shábhálte ach nach maith leis é ón duine sin nó ag an am sin. Féach ar na háiseanna breise i gcomhair foinsí eolais eile ar an dtópaic seo agus féach ar an t-eolas atá ar an gClár Fan Sábhálte a múintear do pháistí ar scoil ag www.staysafe.ie/parents.htm

Má fheicim mo pháiste ag imirt ‘Dochtúirí’ lena chairde, cad ba chóir dom a dhéanamh?

Fan suaimhneach mar is gnáth iompraíocht é seo do pháistí atá fiosrach faoina gcoirp agus coirp daóine eile. Is minic a bhíonn páistí ag spraoi cluichí ina dtaispeánann siad a mball giniúna dá chéile. San áit nach mbíonn aon difriocht aoise nó cumhactha idir na páistí, is fiosracht ginearálta agus cuid den ghnáth spraoi atá i gceist. Más mian leat, is féidir na páistí a stiúradh go séimh i dtreo eile leis an spraoi. Ag staid níos déanaí, is féidir fiosracht do pháiste faoi choirp a shású trí breathnú ar leabhair nó láithreáin gréasáin oriúnacha le chéile. (féach ar an rannóg áiseanna breise)

An bhfuil sé ceart go leor do pháistí spraoi lena mball giniúna?

Tá sé an-ghnáth do linbh agus leanaí óga a bheith ag spraoi lena mball giniúna. Tá sé nádúrtha agus sláintíúil a bheith ag fiosrú an chorp. De réir mar a fhásann páistí, is féidir a mhúineadh dóibh nár chóir seo a dhéanamh ach nuair ata siad in áit phríobháideach.

Ba chóir a bheith cúramach nach mbeidh náire ar pháistí faoina n-iompraíocht nó faoina gcoirp.



Nodanna chun cumarsáid a dhéanamh le do pháiste faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos

Níl aon rialacha dian faoin gcaoi gur chóir duit cumarsáid a dhéanamh le do pháiste faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos. Bionn gach páiste éagsúil agus bionn gach teaghlach éagsúil. Tá nodanna ginearálta anseo:

- Bí ullamh. Smaoinigh faoi do luachanna agus dearcaí féin agus spreag na baill clainne eile chun an rud céanna a dhéanamh freisin. Déan iarracht riachtanaíocht do pháiste a mheas de réir mar a fhobraíonn siad. Bain úsáid as áiseanna tacaíochta amhail leabhair agus DVD (Féach ar an Rannóg áiseanna breise) chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh faoi na teachtaireachtaí faoi chaidrimh agus gnéasacht gur mian leat a thabhairt agus an chaoi gur mhaith leat seo a dhéanamh.

- Tosaigh go luath agus coinnigh an t-eolas simplí agus ionraic. Labhair le do pháiste faoin bhforbairt gnéasacht óna luath-óige. Cabhróidh seo chun an comhrá seo a choinneáil normálta agus chun cleachtais chumarsáide sláintiúil faoi ghnéasacht agus nithe goilliúnacha eile a bheith agaibh.

- Oibríonn freagraí simplí ach ionraic do pháistí. Má theastaíonn níos mó eolais uathu, cuirfidh siad tuilleadh ceisteanna.
- Ná bíodh imní ort má thugann tú an iomarca míniú. Má bhíonn níos mó á insint ná an méid a bhfuil suim ag an pháiste ann nó a thuigean siad, ní bhacfaidh siad leis.

- Tabhair beagán eolais ag an am. Ní gá gach a insint in aon chomhrá amháin. Beidh neart deiseanna agat labhairt le do pháiste. De réir mar a fhobraíonn suim agus tuiscint do pháiste lena aois, tá sé tábhachtach dul ar ais ar thopacíodh de réir mar a leanann sibh ar aghaidh.

Bí ag plé leis na nithe atá ceart dod' pháiste agus bain úsáid as na deiseanna múinte a tharlaíonn sa gnáth-saol chun comhrá a bheith agaibh (ní léacht). Mar shampla, má bhíonn toirchis nó páiste nua sa teaghlach, nó fadhb chaidrimh nó gnéasacht ar chlár Teilihise nó sna meáin, beidh deis cainte agat.

- Múin na firici agus níos mó. Labhair le do pháiste faoi do thuairimí agus caidrimh faoi gach gné den ghnéasacht agus faoin méid a theastaíonn chun caidrimh shláintiúla a chothú.

- Bí i do thuismitheoir gur féidir le páiste labhairt leis/léi. Éist leis an méid atá á rá ag do pháiste faoin saol agus na nithe a chuireann lúcháir nó imní air/uirthi. Léiríonn siad an méid seo lena bhfocail agus gnímh. Déan iarracht éisteacht gan breithiúnas.

- Bí i do thuismitheoir gur féidir le páiste ceist a chur air/uirthi. Cuir fáilte roimh fhiosracht do pháiste le focail agus tuin do ghuth. Cuir ceisteanna séimhe ionas go mbionn a fhios agat cé mhéad atá ar eolas ag do pháiste cheana féin sula dtabharann tú eolais bhereise. Ná síltear go bhfuil gach ní ar eolas díreach mar go bhfuil focail ar leith á n-úsáid acu. Mura bhfuil freagra agat ar cheist do pháiste, tá sé ceart go leor a rá nach bhfuil a fhios agat ach go n-aimseoidh tú an freagra.

- Múin úinéireacht colainne. Cuir ina luí ar do pháiste gur leis/léi a c(h)olainn agus nach gá don pháiste ligean do dhuine ar bith tadhall atá neamh-shábháilte agus /nó nach dteastaíonn uathu. Ní mór dóibh a fhoghlaim freisin go bhfuil na cearta céanna ag daoine eile. Is tús é seo ar smacht ar a chorpa thabhairt don pháiste agus múineadh dó/di faoi thoileadh.

Na ceisteanna coitianta a bhíonn ag páistí

Seo iad na ceisteanna coitianta a chuireann páistí óga agus a ardaítear go minic tar éis Cumhacht na mBláth a léamh, míniú séimh ar an gcaoi a ndéantar linbh. (do rogha níos leithne, tabhair cuairt ar www.sexualwellbeing.ie.) Tá freagraí samplacha anseo, ach is tua a dhéanann an cinneadh faoin bhfreagra cuí duitse agus do pháiste. Is fearr freagra gearr ach a bhfuil na fíricí beachta ann a thabhairt do pháistí óga. Má theastaíonn níos mó eolais, curfidh siad ceisteanna ort.

Cá as a dtagann leanbh?

'Fásann leanbh ó síol speisialta a fhásann istigh i mamaí go dtí go mbíonn sé réidh le breith'

Beagán Eolais eile: ' Déantar leanbh nuair a thagann speirm ón daidí agus ubh ón mamaí le chéile chun fás istigh i gcorp mamaí in áit speisialta ar a dtugtar broinn'

Má theastaíonn níos mó eolais faoi speirm agus uibheacha ó do pháiste: Tá corp gach duine déanta as codanna beaga ar a dtugtar cealla. Déanann cealla éagsúil jabanna éagsúla sa chorpa. Is cealla speisialta iad an speirm agus an ubh a dhéanann linbh nuair a nascann siad le chéile.'

Conas a ghabhann an speirm isteach i gcorp an mamaí?

'Tugann an fear an speirm don bhean'. Nuair a cheapann tú go bhfuil do pháiste réidh, is féidir na fíricí faoi chaidreamh colláiginiúint a mhíniú. Tá míniú samplach faoi "Suggested Answers to Children of Different Ages (9-12)" i rannóige na dtuismitheoirí de www.sexualwellbeing.ie.

Tá an t-ábhar seo faoi chaibidil ar an gcuraclam bunscoile do Ranganna 5 agus 6 ach tá sé níos fearr go gcloisfeadh do pháiste uaitse é roimhe sin.

Conas is féidir leis anlinbh éalú?

'Nuair atá an leanbh sách mór, cabhróidh altra nó dochtúir é/í a shaolú.'

Má tá do pháiste níos fiosraí: 'Nuair atá an leanbh réidh le breith tiocfaidh sé/sí amach tríd fheadán speisialta i gcorp an mamaí ar a dtugtar faighin.'

Cén fhaid a thógann sé ar an linbh fás?

'Fásann formhór na leanaí ar feadh 9 mí i mbroinn na mamaí sula mbeirtear iad. D'fhéadfadh siad a bheith beirthe roinnt seachtain luath nó mall.'

Ní gá níos mó sonraí a thabhairt faoi na haimhréidheanna a bhaineann le toirchis ag an tráth seo.

Cén fáth nach bhfuil péineas agamsa (nó ceisteanna eile faoin difríocht idir choirp fhir agus mná)?

'Bíonn péineas ag buachaillí; bíonn pit ag cailíní. Bíonn an chuid is mó dár gcoirp mar a chéile, is cuma más buachaill nó cailín muid, ach tá roinnt codanna difriúil.'

Tá an cur síos ar an gcéad leathanach eile le léaráidí a thaispeánann na codanna atá mar a chéile ag deireadh an leabhrán seo a chabhróidh leat na codanna atá mar a chéile agus na codanna atá difriúil a mhíniú.

Cur síos ar na baill ghiniúna mar thagairt do thuismitheoirí

Ball giniúna – Cailíní

Pit – an chraiceann bog idir ghéaga chailíní. Le roinnt blianta anuas bhí an téarma ‘faighin’ in úsáid go mícheart mar ainm ar seo. Tá dhá oscailt sa phit, ceann don úiréadra (ceann dón fual) agus ceann don fhaighin.

Faighin – an fheadán inmheánach matánach a ritheann ón phit go dtí an bheroinn (útaras). Go ginearálta: téann speirm isteach i gcorp mhná agus beirtear an leanbh tríd an fhaighin.

Ball ghiniúna – Buachaillí

Péineas – orgán ina bhfuil fiocchán spúnseach bhog ar féidir leis iompú ceartseasamh de bharr sruth fola breise. Tá oscailt amháin aige ar a bharr ar a dtugtar an úiréadar, as a dtagann an fhual. Tar éis caithreachas, fágann speirm an chorp tríd an úiréadar (ach ní ag an am céanna leis an fhual).

Uiríocha – orgán beaga cruinn atá gar don phéineas a tháirgeann téististéarón agus, tar éis caithreachais, a tháirgeoidh speirm. Cabhraíonn téististéarón le buachaill forbairt mar fhear.

Cadairne - an chraiceann bhog a bheireann greim ar na huiríocha.

Nóta: Ag staid níos déanaí, is féidir níos mó eolais a thabhairt chomh maith le léaráidí de na baill ghiniúna agus na horgáin gnéis inmheánacha.

Cén fáth nach bhfuil cead agam do phéineas/bhrollaigh a thadhaill (ná aon chod ghnéasach den chorp)?

'Tá aon chod den chorp a bheadh clúdaithe ag culaithe snáimhe príobháideach do gach aon duine againn. Ciallaíonn 'Príobháideach' gur duit féin amháin é agus ciallaíonn 'Poiblí' gur do gach duine é. larrann muid cead na codanna sin a thadhaill chun cabhrú leat tú féin a ní go dtí go mbeidh tú in ann sin a dhéanamh duit féin nó, má bhíonn tú tinn, d'fhéadfadh dochtúir cead a iarraidh chun tú a scrúdú ach beidh do mham agus daid i láthair. Má iarrann páiste eile nó duine fásta cead do chodanna colainne príobháideacha a fheiceáil nó a thadhaill nó a gcuid a thadhaill, ba chóir duit insint dúinn faoi.'

Chun freagra a thabhairt ar an ghnáth fhirosracht a d'fhéadfadh a bheith ar do pháiste, d'fhéadfá cur leis: ' Tá sé nádúrtha do pháistí a bheith fiosrach faoina gcoир féin agus coир dhaoine eile agus an gcaoi a athraíonn siad de réir mar a fhásann duine; breathnaímí ar an leabhar/láithreán gréasáin seo le chéile.'

Acmhainní Breise

Do thuismitheoirí pháistí óga

- **FnaSS:** Is www.sexualwellbeing.ie láithreán gréasáin FnaSS. Tá rannóg ann chun cabhrú le tuismitheoirí labhairt lena bpáistí faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás aníos.
- **FnaSS: Caring for Your Child 0 – 5 years:** sraith leabhráin faoi gach gné d'fhorbairt linbh, sláinte ghnéasach san áireamh. www.mychild.ie
- **An Roinn Oideachais agus Scileanna: Is clár é Fan Sábhálte** a chuireann scileanna sábháilteachta pearsanta chun cinn agus müíntear é i mbeagnach gach bunscoil. Tá rannóg ar an láithreán gréasáin do thuismitheoirí. www.staysafe.ie/parents.htm

- **An Roinn Oideachais agus Scileanna:** Tairiscíonn www.webwise.ie/parents/ comhairle agus eolas do thuismitheoirí chun sábháilteacht ar line a chur chun cinn dá leanaí.
 - **NSPCC: PANTS (The Underwear Rule)** (An Riaill faoi Fho-éadaí)- uirlis simplí chun páistí a mhúineadh faoi shábháilteacht phearsanta. Tá treoir ar an láithreán gréasáin seo sa RA do thuismitheoirí agus múinteoirí agus réimse ábhair do leanaí, físeán beochana san áireamh leis an amhrán PANTS agus físchluiche ar féidir a foslódáil. Tá na treoir do pháistí curtha in ord do pháistí faoi mhíchumas agus uathachas agus tá físeán do leanaí bodhra.
www.nspcc.org.uk/preventing-abuse/keeping-children-safe/underwear-rule/
-

Do thuismitheoirí ógánaigh

- **FnaSS:** Is www.sexualwellbeing.ie láithreán gréasáin FnaSS. Tá rannóga ann chun cabhrú le tuismitheoirí labhairt lena bpáistí faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás anfós.
- **FnaSS:** Is DVD saor in aisce é **Busy Bodies** agus leabhrán faoi chaithreachais: Aistear na nÓg. Baintear úsáid as de ghnáth le Ranganna 5 agus 6 ar scoil agus sa bhaile. www.healthpromotion.ie/health/inner/busy_bodies
- **FnaSS: Comhairle do Mháithreacha & Aithreacha** is forlónadh é seo a chabhraíonn le tuismitheoirí ógánaigh atá níos sine nuair atá caidrimh agus gnéasacht á phlé: **Talking to Teenagers about Relationships & Sex**
www.healthpromotion.ie/hp-files/docs/HCP0067.pdf
- **FnaSS: Is www.b4udecide.ie** láithreán gréasáin FnaSS faoi chaidrimh agus gnéasacht do dhaoine óga. Tá rannóga ann freisin do thuismitheoirí, múinteoirí agus oibrithe don aos óg.

Cúrsaí Tuismitheoiriachta agus Tacaíochtaí

• Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhainse (NPC)

Tairiscíonn NPC cursa oiliúna ar a dtugtar “Supporting your child to build healthy friendships and relationships”. Is féidir rochtain a fháil ar seo ar líne nó is féidir é a iarraidh do ghrúpa oiliúna dod’ scoil. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar www.npc.ie/training.aspx. Tá líne chabhrach do thuismitheoirí ag NPC freisin ar: **01 887 4477**

• IFPA- Speakeasy

Tairiscíonn Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann, Speakeeasy, cursa a dearaiodh chun eolais a sholáthar do thuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí faoi chaidrimh, gnéasacht agus coinneáil slán. Tairiscíonn siad, Speakeeasy Plus do thuismitheoirí leanaí faoi mhíchumas fhisiciúil nó intleachtúil nó leanaí le riachtanais tacaíochta bhereise. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar www.ifpa.ie/Education-Training/Programmes

• One Family

Tairiscíonn One Family clár feasachta sláinte ghnéasach saor in aisce, duine le duine chun tacú le tuismitheoirí labhairt le leanaí ar shláinte a chothailonn fiosracht leanaí agus a thacaíonn le forbairt sláinte ghnéasach agus folláine. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar www.onefamily.ie

• Belong To


Is eagraiocht náisiúnta é Belong To Youth Services a thacaíonn le daoine leispiacha, aeracha, déghnáeasacha, trasinscneacha agus idirghnáeasacha (LGBTI+) agus a dtuismitheoirí. Féach ar www.belongto.ie

• TENI

Is eagraiocht náisiúnta é TENI a thacaíonn le daoine Trasinscneacha, daoine óga Trasinscneacha agus a dtuismitheoirí san áireamh. Féach ar www.teni.ie

Coirp Cailíní agus Bhuachaillí – cosúlachtaí agus difríochtaí





Tuilleadh léamh uait?

- Tá an tuairisc taighde ónar fhobhráidh an leabhrán seo ag tacú le Parents Communicating with Children Aged 4-9 years about Relationships, Sexuality and Growing Up leis an Dr. Catherine Conlon. Tá an tuairisc iomlán agus achoimre beacht ar na tortháí a bhí leis, atá éasca a léamh, ar fáil ag **www.sexualwellbeing.ie**
- B'fhéidir go mbeadh suim agat freisin tuairisc taighde eile, Parents' Approaches to Educating their Pre-adolescent and Adolescent children about Sexuality by Professor Abbey Hyde, Dr. Marie Carney, Dr. Jonathan Drennan, Dr. Michelle Butler, Dr. Maria Lohan and Dr. Etaoine Howlett. Tá an tuairisc iomlán seo ar fáil ag **www.sexualwellbeing.ie**
- Tá Curaclam OCG agus ábhair tacaíochta do bhunscoileanna ar fáil ag **www.pdst.ie/node/811**.
- Tá World Health Organization's Standards for Sexuality Education in Europe: creatlach do lucht déanta polasaithe, oideachais agus Údarás sláinte agus speisialtóirí ar fáil ag **www.oif.ac.at/fileadmin/OEIF/andere_Publikationen/WHO_BZgA_Standards.pdf**.

Forbraíodh an acmhainn "Ag Labhairt le do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Fás Aníos" chun cabhrú le tuismitheoirí labhairt lena leanáí faoi chaidrimh agus gnéasacht. Tá dhá leabhráin ann: an treoir seo do thuimitheoirí agus leabhrán scéil a ghabhann leis: Cumhacht na mBláth: míniú séimh faoin gcaoi a dhéantar linbh.

Is mar thoradh ar staidéar taighde "Supporting Parents Communicating with Children aged 4-9 years about Relationships, Sexuality and Growing Up" a forbraíodh na leabhráin seo. D'aimsigh an staidéar gur mian le tuismitheoirí a bpáistí a mhúineadh faoina gcoirp, caidrimh, gnéasacht agus fás aníos agus go dteastaíonn acmhainní ó fhoinsí iontaofa, amhail FnaSS, chun tacú leo. Tá tuilleadh tacaiochta agus eolais ar fáil www.sexualwellbeing.ie.

Sláinte Ghnéis & Clár um Thoirchis Ghéarchéime FnaSS

Urlár 4, 89 – 94 Sráid Chéipil, Baile Átha Cliath 1

Fón: 076 6959130 Rphost: Info@shcpp.ie



Bláth Chumhachtach Thomáis

Míniú séimh faoi chonas a dhéantar linbh



An Luan a bhí ann, bhí an ghrian sa spéir.
Shuigh rang Mhúinteoir Áine amuigh ar an bhféar.



"Nach álainn, a pháistí, na bláthanna beo?
Aoibhinn is cumhachtach." a dúirt Áine leo.

"An rud is mó le foghlaim ná:
Tá gach duine agaibh cosúil le bláth."

D'ardaigh Tomás a lámh, "Níl bláth cosúil liom!

Féach ormsa, tá mise mór agus trom!

Chun bláth a dhéanamh, tá síolta de dhíth,

Agus ní dhéantar páistí mar sin, in aon slí!"



"A Thomáis!" dúirt Áine, "Seo duit nuacht speisialta:

Tosaíonn páistí freisin mar shíolta!"



Páistí ó shíolta? Níor chreid Tomás é!

Is níor chodail sé sámh ag deireadh an lae.

An lá dár gcionn, dúirt an múinteoir: "Inniu,
Beidh seans ag gach páiste síol a phlandú."



“A Mhúinteoir,” arsa Tomás, ag brú síol sa chré,
“Níor thuig mé an rud sin faoi shíolta inné.
Ní fhásann linbh sa chré...” dúirt Tomás,
“Mar sin, cá mbíonn síolta-linbh ag fás?”




“Tá an t-eolas ar fad seo nua go leor.”
Suas chuig an gclár a shiúil an múinteoir.
Agus pictiúr de bhean a tharraing sí



D'iarr Mícheál: “Cad sin ina bolg aici?”

"Tá spás i gcorp mná ansin,
An t-ainm a thugtar air ná 'broinn'.
Fásann síol-linbh sa bhroinn gan stró,
Compordach is slán ar a sháimhín-só.
Tháinig gach duine sa domhain ó bhroinn
Agus glaotar an focal 'breith'air sin."



Ansin d'iarr Tomás: "Is a Mhúinteoir, cén chaoi
A rá an cailín nó buachaill an naí?"



“Ar na bábóga Clár agus Seán,
Feicimid láithreach difear amháin.

Idir na cosa, san áit ar barr,
Tá baill choirp éagsúla ag Seán agus Clár.

Ag cailíní ar fad, bionn 'pit' acu,
Bionn 'péineas' ag buachaill, mar a fheictear anseo.”

Bhí a lán le déanamh machnamh air,
Na focail aisteacha nua go léir.
Ar feadh tamaillín eile lean siad ag plé,
Is ar ais leo ansin chuit na síolta sa chré.





Tar éis coicíse, bhí bláth ag fás,
I bpota gach pháiste, seachas ceann Thomáis!

Sa bhaile bhí neart ag Tomás le rá,
Nuair a bhí sé ag caint le Mam faoina lá.

"Ar scoil bhí síolta á bplandú againn.

Rinneamar é coicís ó shin.

Bhí sé ar fheabhas, ach anois níl mé sásta,
Is liomsa an t-aon bláth sa rang nach bhfuil fásta!"



Ag glanadh a aghaidh, dúirt Mam le Tomás:
“Tóg go bog é, a stór, cad chuige an rás?

Tuigim nach bhfuil sé éasca fanacht

Le rud faoi leith atá mall ag teacht.

Is cuimhin liom mise ag éirí crosta,

Nuair a bhí mé torrach, ag fanacht leat fostá!”





“Nuair a bhí tú ag fanacht sna laethanta sin,
An raibh mé ag fás mar shíol i do bhroinn?”

"B'shin é." arsa Mam, "Go deimhin a bhí!
Agus b'fhiú dúinn go mór an fanacht, a chroí.
Bíonn gach uile síol ag iarraidh deis,
Fás ar an gcaoi a dtaitníonn leis.
Is aoibhinn go bhfuil tú ag iarraidh aire
A thabhairt don síol, ach bí ag faire...
Tá a chumhacht féin ann, gan aon agó,
Is fásfaidh an bláth nuair a oireann sé dó.
Tabhair am don síol is feicfidh tú féin,
Beidh do bhláth go hálainn is speisialta araon.





Nuair a bhí a Dhaid á chur ina luí,
Bhí ceisteanna fós ag Tomás ina chroí...
“Más rud speisialta do bhean an bhroinn,
Nach bhfuil post ar bith ag fir mar sin?”
Chruinnigh Daidí ansin a chuid smaointe...

“Bíonn broinn chompordach ag teastáil go cinnte.
Ach bíonn rud eile ag teastáil freisin,
Chun leanbh beag a dhéanamh.” ar seisean.
“Déanann fear agus bean an síol bídeach cuí,
Is sa bhroinn faigheann an síol a bhfuil de dhíth.”
“Mar sin... Chun babaí a dhéanamh, tá gá le beirt?”
“Sin é” arsa Daid “Mo mholadh ort!”





An lá dár gcionn, cad a chonaic Tomás,
Ach iontas mor álainn? Bhí a bhláth ag fás!



Líon croí Thomáis le buíochas is grá,
Bhí an ceart ag Mamaí faoi chumhacht na mbláth.



Is gné amháin é an leabhrán 'Bláth Chumhachtach Thomáis' den áis "Ag Labhairt le do Pháiste Óg faoi Chaidrimh, Gnéasacht agus Fás Aníos". D'fhorbair Sláinte Ghnéis & Clár um Thoirchis Ghéarchéime (SGCTG) an áis de réir an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis 2015 - 2020.

Is í Kathleen O'Rourke, múinteoir bunscoile agus údar, arbh fhearr aithne uirthi don obair a rinne sí ar Granny O'Grimm gearrscannáin a ainmníodh do ghradam Oscar, a scríobh an scéal.

Dearadh agus maisiú le Igloo Animations

(C) FnaSS 2018